Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Meitheamh 2021
(OR. en)

8691/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0094 (NLE)**

PROBA 22
AGRI 216
WTO 129
DEVGEN 91
FORETS 27

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Idirnáisiúnta Cócó a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le Comhaontú Idirnáisiúnta Cócó, 2010 |

**CINNEADH (AE) 2021/…ÓN gCOMHAIRLE**

**an…**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh**
**sa Chomhairle Idirnáisiúnta Cócó**
**a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le Comhaontú Idirnáisiúnta Cócó, 2010**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d’Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú Idirnáisiúnta Cócó, 2010 ('an Comhaontú') a thabhairt i gcrích trí bhíthin Chinneadh 2012/189/AE ón gComhairle[1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2012.

(2) De bhun Airteagal 62(1) den Chomhaontú, leanfaidh an Comhaontú d'fheidhm a bheith aige go dtí an 30 Meán Fómhair 2022, mura gcuirfear síneadh leis.

(3) De bhun Airteagal 7(1) den Chomhaontú, tá Comhairle Idirnáisiúnta Cócó na hEagraíochta Idirnáisiunta Cócó (‘Comhairle ICCO’) le gach cumhacht a fheidhmiú is gá chun forálacha sainráite an Chomhaontaithe a chur i gcrích, agus tá sí le gach feidhm is gá chuige sin a dhéanamh nó a chur á dhéanamh. De bhun Airteagal 62(4) den Chomhaontú, féadfaidh Comhairle ICCO cinneadh a ghlacadh maidir le síneadh a chur leis an gComhaontú, thar an dáta éaga atá aige faoi láthair, go ceann dhá thréimhse nach faide ná dhá bhliain chócó, is é sin dhá bhliain in aghaidh gach tréimhse, eadhon síneadh go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 le haghaidh na chéad tréimhse agus síneadh go dtí an 30 Meán Fómhair 2026 le haghaidh an dara tréimhse.

(4) Tá Comhairle ICCO le cinneadh a ghlacadh maidir le síneadh a chur leis an gComhaontú i ndiaidh an 103ú seisiún a bhí aici an 22 agus an 23 Aibreán 2021.

---

[1] Cinneadh 2012/189/AE ón gComhairle an 26 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta Cócó, 2010 (IO L 102, 12.4.2012, lch. 1).

(5) Is iomchuí an seasamh a bhunú atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle ICCO, ós rud é gur cinneadh a bheidh ina cheangal ar an Aontas a bheidh sa chinneadh a ghlacfaidh Comhairle ICCO maidir le síneadh a chur leis an gComhaontú.

(6) Is chun leas an Aontais go gcuirfear síneadh leis an gComhaontú agus go mbeidh an tAontas ina pháirtí sa Chomhaontú, i bhfianaise a thábhachtaí atá earnáil an chócó do roinnt de na Ballstáit agus do gheilleagar an Aontais.

(7) Trí shíneadh nach faide ná ceithre bliana a chur leis an gComhaontú, ba cheart go dtabharfadh sé sin an t-aga ama iomchuí do chomhaltaí Chomhairle ICCO chun athbhreithniú substainteach ar an gComhaontú a chur i gcrích, a dhíreodh ar an gComhaontú a nuachóiriú agus a shimpliú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Idirnáisiúnta Cócó na hEagraíochta Idirnáisiúnta Cócó, a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le Comhaontú Idirnáisiúnta Cócó, 2010, vótáil i bhfabhar síneadh a chur leis ar feadh dhá thréimhse nach faide ná dhá bhliain chócó an ceann, is é sin go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 le haghaidh na chéad tréimhse agus go dtí an 30 Meán Fómhair 2026 le haghaidh an dara tréimhse.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*